2024/1626

4.7.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 71/2024

an 15 Márta 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1626]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/1238, sonraítear na cásanna ina bhféadfaidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) toirmeasc nó srian sealadach a chur ar ghníomhaíochtaí airgeadais áirithe, agus leagtar síos na coinníollacha a ghabhann leis an toirmeasc nó leis an srian sin, i gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Chun críocha Chomhaontú LEE, tá na cumhachtaí sin le feidhmiú ag Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcomhréir le pointe 31h d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE agus faoi na coinníollacha a fhorordaítear ann. Chun comhtháthú shaineolas ÚEÁPC sa phróiseas agus comhsheasmhacht idir dhá cholún LEE a áirithiú, glacfar cinntí den sórt sin ó Údarás Faireacháin CSTE ar bhonn dréachtaí arna n-ullmhú ag ÚEÁPC. Caomhnóidh sé sin na príomhbhuntáistí a bhaineann le maoirseacht ag údarás aonair.

(3) Agus na Stáit CSTE ag sainmhíniú cé na tíortha a bheidh ar an liosta de dhlínsí neamh-chomhoibríocha ina reachtaíocht náisiúnta féin, tabharfaidh siad lánaird ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach.

(4) Tá na Páirtithe Conarthacha ar aon intinn go gcuirtear chun feidhme leis an gCinneadh seo an comhaontú a léiríodh i gconclúidí ([3]) Airí Airgeadais agus Geilleagair de chuid an Aontais agus de chuid CSTE LEE an 14 Deireadh Fómhair 2014 maidir le Rialacháin ÚMEnna an Aontais a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an ceannteideal seo a leanas in ionad an cheannteidil ar Chaibidil IV:

'IV. **Soláthair maidir le Scor Ceirde agus Pinsin'**

2. Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 3ld (Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

'31da. **32019 R 1238**: Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 1.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 48.
([3]) Conclúidí ón gComhairle maidir le hAirí Airgeadais agus Geilleagair de chuid an Aontais Eorpaigh agus de chuid LEE CSTE, 14178/1/14 REV 1.

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) D'ainneoin fhorálacha Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir leis na téarmaí 'Ballstát/Ballstáit' agus 'údaráis inniúla', tuigfear go bhfuil Stáit CSTE agus a n-údaráis inniúla ar áireamh iontu faoi seach, sa bhreis ar bhrí na dtéarmaí sin sa Rialachán.

(b) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, comhoibreoidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus Údarás Faireacháin CSTE, malartóidh siad faisnéis agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile chun críocha an Rialacháin, go háirithe sula ndéanfar aon ghníomhaíocht.

(c) Tagairtí do chumhachtaí ÚEÁPC faoi Airteagal 9(5) agus Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 31h den Iarscríbhinn seo agus i gcomhréir leis, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

(d) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, tuigfear go dtagraíonn tagairtí do dhlí an Aontais do Chomhaontú LEE.

(e) In Airteagal 18(3), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'teacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 71/2024 ó Chomhchoiste LEE an 15 Márta 2024' a chuirfear in ionad na bhfocal 'cur i bhfeidhm an Rialacháin seo'.

(f) In Airteagal 41(1)(g), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'dlínse neamh-chomhoibríoch arna sainaithint le reachtaíocht náisiúnta Stát CSTE lena mbaineann' a léifear in ionad na bhfocal 'dlínse neamh-chomhoibríoch chun críoch cánach arna sainaithint sna conclúidí is infheidhme ón gComhairle maidir le liosta na ndlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach'.

(g) In Airteagal 65:

(i) i mír 2, cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEÁPC';

(ii) i míreanna 3, 4, 5, 7 agus 8, cuirfear na focail 'nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEÁPC';

(iii) i mír 4, cuirfear na focail 'gan an tuairim á heisiúint ag ÚEÁPC' in ionad na bhfocal 'gan an tuairim á eisiúint';

(iv) i mír 6, cuirfear 'gach ceann dá chinntí' in ionad 'aon chinneadh a ghlacfar';

(v) i mír 6, cuirfear na focail 'Foilseoidh Údarás Faireacháin CSTE ar a shuíomh gréasáin fógra maidir le gach cinneadh dá chuid aon ghníomhaíocht a dhéanamh faoin Airteagal seo. Cuirfear tagairt d'fhoilsiú an fhógra ag Údarás Faireacháin CSTE ar shuíomh gréasáin ÚEÁPC.' isteach i ndiaidh an fhocail 'Airteagal.'.

(h) In Airteagal 66(3) agus (4), cuirfear na focail 'Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh na bhfocal 'na húdaráis inniúla'.

(i) In Airteagal 74, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, léifear an dara fomhír mar seo a leanas:

'Beidh feidhm ag an Rialachán seo tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na gCinntí ó Chomhchoiste LEE ina bhfuil na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 28(5), Airteagal 30(2), Airteagal 33(3), Airteagal 36(2), Airteagal 37(2), Airteagal 45(3) agus Airteagal 46(3).'.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/1238 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Márta 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Márta 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.